

Gnóthú Ardchaighdeán Feabhais sa Teagasc agus san Fhoghlaim

Gnóthú ardchaighdeán feabhais sa teagasc agus an fhoghlaim atá mar bhuntéama i bPlean Straitéiseach UCD. Ní miste an clár acadúil a chur in oiriúint chuige seo. Is innholta a bhfuil déanta chun curaclam nua modúlaithe agus seimeastraithe – ar a dtugtar UCD *Horizons* - a chur i bhfeidhm don bhliain acadúil 2005/2006. Is mór an díol suntais do UCD é gurb í an chéad ollscoil in Éirinn í chun fíormhodúlú a chur i bhfeidhm agus beidh tionchar nach beag aige seo ar an oideachas tríú leibhéal in Éirinn.

Cuireann UCD an réimse is mó agus is éagsúla in Éirinn de chláir oideachais tríú agus ceathrú leibhéal ar fáil agus soláthróidh UCD *Horizons* níos mó deiseanna fós do mhic léinn Éireannacha agus idirnáisiúnta amach anseo.

- Líon Mac Léinn
- Modúlú agus Seimeastrú: Na Céimeanna Tosaigh
- UCD *Horizons*
- An tIonad Teagaisc agus Foghlama

Líon Mac Léinn

De réir staitisticí cláraithe an Údaráis um Ardoideachas, is i UCD a bhí 22% de mhic léinn fochéimithe lánaimseartha agus 26% de mhic léinn PhD lánaimseartha ag gabháil dá gcuid staidéir i rith na bliana acadúla 2003/04. Cuireann UCD réimse fairsing clár ar fáil - réimse nach bhfuil chomh leathan céanna ag ollscoil ar bith eile. Tá níos mó ná 70 iontráil éagsúil ar chóras an CAO agus dosaen eile beartaithe don bhliain 2006.

CLÁRÚ MAC LÉINN	2003-04	2004/05
Cláir chéime d'fhochéimithe	13,482	13,549
Cláir Theastais / Dhioplóma d'fhochéimithe	908	1,700
Mic léinn ar cuairt/malartú mac léinn	484	464

Fochéimithe (iomlán)	14,874	15,713
Cláir Dhochtúireachta	1,135	1,351
Cláir Thaighde Iarchéime	501	388
Cláir Mhúinte Iarchéime	2,369	2,408
Cláir Theastais/Dhioplóma Iarchéime	1,619	1,765
Fo-mhic léinn iarchéime	110	137
Mic léinn iarchéime (iomlán)	5,734	6,049
IOMLÁN	20,608	21,762

Modúlú agus Seimeastrú: Na Céimeanna Tosaigh

Ba é an gníomh ba shuntasáí a d’eascair as Plean Straitéiseach UCD ná na cláir chéime lán-mhodúlacha agus creidmheas-bhunaithe. Feidhmíonn an modúlú mar bhonn chun mórán spriocanna straitéiseacha eile a bhaint amach; cuir i gcás athchóiriú curaclaim, nuálaíocht oideachasúil, leathnú rannpháirtíochta, comhoibriú idir-institiúide, soghluaiseacht mac léinn idirnáisiúnta, foghlaim ar feadh an tsaoil agus an fhoghlaim sholúbtha.

Leagann an Plean Straitéiseach amach ceithre riachtanas straitéiseacha ar mhaithe leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim éifeachtach:

- Ní mór ainm UCD a bheidh in airde as feabhas a cuid teagaisc agus foghlama, rud atá fréamhaithe san ardchaighdeán taighde agus léinn
- Ní mór do UCD na mic léinn is cumasáí a earcú agus a chinntiú go n-éiríonn leo chomh maith agus is féidir
- Ní mór do UCD éagsúlacht a chinntiú sa díorma foghlaimeoirí aici agus béim a chur ar an bhfoghlaim chuimsithe
- Ní mór do UCD an taithí idirnáisiúnta a áireamh sa phróiseas foghlama

Is é an modúlú an chéad chéim i ngnothú na riachtanas thuas. Go mórmhór, ní miste don modúlú:

- An t-athchóiriú curaclaim a chur chun cinn ag leibhéal na gclár agus ag leibhéal na modúl

- Freastal ar riachtanais na mac léinn, rogha na mac léinn a fhairsingiú agus na mic léinn is fearr meabhair agus cumas a mhealladh go UCD
- Tacaíocht a thabhairt do riachtanais leanúnacha foghlama gach duine, iad siúd a mbíonn gá acu le soláthar oideachais ar bhonn páirt-aimseartha nó solúbtha san áireamh
- Bheith freagrach do bhearta creidmheasa Eorpacha agus idirnáisiúnta a thugann saoirse gluaiseachta do mhic léinn, bearta cosúil le próiseas Bologna

Dul chun cinn go dtí seo

D'oibrigh saineolaithe ó gach cearn den ollscoil le chéile chun na gnéithe ar fad de chlár suntasach aistrithe a chur i bhfeidhm, a bhainistiú agus a chomhtháthú.

Mar thoradh air seo tá curaclam lánmhodúlaithe creidmheas-bhunaithe leagtha amach a chuirfear ar fáil do mhic léinn na chéad bhliana 2005/2006. Tá struchtúir nua acadúla curtha i bhfeidhm chun gur féidir an curaclam seo a sholáthar.

Níl éirithe ag ollscoil ar bith eile, chomh mór agus chomh hilghnéitheach le UCD, claochlú mar seo a chur i gcrích laistigh de bhliain acadúil amháin. Tugtar UCD Horizons ar an gcuraclam nua modúlach seo, agus tugann sé leis rogha níos leithne do mhic léinn, solúbthacht agus nuálaíocht oideachasúil (féach thíos do chur síos ar UCD *Horizons*). Is mór an bua é seo don ollscoil.

Is léiriú leis é UCD *Horizons* ar chéim shuntasach atá tugtha ag an ollscoil i dtreo aidhm na hollscoile mar cheann de phríomhollscoileanna na hEorpa a bhaint amach. Is dlúthchuid de bheartaíocht chun caidreamh a chruthú le hollscoileanna idirnáisiúnta é agus chun mic léinn chumasacha a mhealladh.

Is deacair a chur in iúl go cruinn conas a théann críochnúlacht mar seo chun tairbhe don ollscoil féin agus dá hainm mar institiúid oideachais.

Chun go n-éireodh le UCD *Horizons*, bhí gá le mórán gnáthamh nua a sheoladh a chinnteodh go bhféadfaí an curaclam nua a chur i bhfeidhm go héifeachtach. I measc na ngnáthamh bhí:

- Sraith nua chomhshnaidhmthe de rialacháin acadúla a rialódh na cláir acadúla ar fad
- Atheagrú iomlán ar theagasc na chéad bhliana le go luífeadh sé isteach leis an bhfráma nua modúlach
- Glacadh le cur i bhfeidhm chur chuige coitianta tras-ollscoile i dtaobh struchtúr an chláir céime i dtreo is go gcuimsítear 12 mhodúl i ngach aon bhliain
- Glacadh le córas nua grádaithe, ag baint feidhme as litreacha A+ go dtí G- murab ionann is céatadán, agus glacadh le córas meán grádpoinnte (GPA) a chuirfeadh síos go hiomlán ar fheidhmíocht an mhic léinn
- Tuairiscí coitianta a réiteach do ghráid chun trédhearcacht, bailíocht agus iontaofacht an phróisis ghrádaithe a fheabhsú
- Tuairiscí comhghlactha ar na modúil ar fad, a chuirfeadh síos go beacht ar thorthaí foghlama, ar mhodhanna measúnachta agus a spreagfadh athchóiriú curaclaim.
- Sceidealú lárnach taobh istigh de chreat a chuireann na roghanna is fearr faoi bhráid mac léinn agus a chinntíonn go mbainfear an leas is fearr as áiseanna teagaisc
- Forbairt chóras nua cláraithe ar líne do mhic léinn na chéad bhliana araon
- Bunú deisce do sheirbhísí lárnacha mac léinn agus bunú ionad glaonna a thacódh le clárú mac léinn agus a chuirfeadh seirbhísí lárnacha eile ar fáil do mhic léinn
- Cur ar bun struchtúr nua acadúla, go mórmhór Boird na gClár, a choimeádfadh súil ar struchtúr na gclár céime, ar iontráil, ar dhul chun cinn agus ar chéimniú na mac léinn.
- Bunú Oifigí Clár a thacódh le taobh riaracháin Bhórd na gClár agus a riarfadh seirbhísí acadúla, riaracháin agus tréadchúraim do mhic léinn.

Cuspóirí sa Todhchaí

Tá ceithre chuspóir bhunúsacha ag baint leis an gclár um theagasc agus um fhoghlaim as seo go ceann dhá bhliain.

I dtús báire, déanfar tréaniarracht ar a chinntiú go mbainfear gach aon leas is féidir as scéim UCD *Horizons*. Chuige seo, ní mór réimsí nua staidéir agus comhábhair spreagúla a shainaithint, chomh maith le cláir nua céime a sheoladh. Cinnteoidh seo go mbeidh UCD ag freastal ar riachtanais mac léinn Éire an lae inniu, agus Éire sa toadhcháil.

Sa dara háit, bainfear leas as an modúlú mar mhodh chun an curaclam a leasú. Cuirfear sraith de scéimeanna píolótacha sa tsiúl i rannóga éagsúla trasna na hollscoile, beartas a shainaithneoidh agus a scaipfidh dea-chleachtas i dtaobh

- Measúnú atá nuálaíoch agus ábhartha
- An fhoghlaim i ranganna móra
- Cur chuige nuálaíoch teagaisc; tóg mar shampla an fhoghlaim i ngrúpaí, an fhoghlaim chomhghleacaí-comhghleacaí agus an fhoghlaim trí fhadhbanna a réiteach agus an fhoghlaim thionscnamh-bhunaithe
- An fhoghlaim tríd an taighde
- Bronnadh creidmheasa as imeachtaí comhchuraclaim, an réamhfhoghlaim agus foghlaim ar an láthair oibre
- An fhoghlaim chomhshnaidhmithe, an ríomhfhoghlaim nasctha leis an seomra ranga traidisiúnta

An tríú rud ná go bhfuil saineolas cuimsitheach ar fáil i UCD ar theicneolaíocht na ríomhfhoghlama oideachasúla agus ar sheachadadh digiteach acmhainní foghlama agus faisnéise. Táimid go dian i mbun oibre chun straitéis agus plean gníomhaíochta a fhorbairt maidir leis an ríomhfhoghlaim agus leis an ríomhfhaisnéis chun go dtógfaimid ar a bhfuil déanta againn go dtí seo chun campas digiteach a chruthú. Agus é seo curtha i gcrích, beidh UCD mar cheannaire sa mhór-réimse seo. Lena chois sin, beidh plean ilbhliantúil a shonróidh an t-infheistiú a dhéanfar sa bhonneagar foghlama agus sa teicneolaíocht oideachasúil, chun go mbeidh na háiseanna is idirnáisiúnta agus is fearr forbairt ar fáil i seomraí ranga UCD.

Ar deireadh, chun go leanfar den fheabhsú ar fhoghlaim agus ar theagasc i UCD ní miste síoraire a thabhairt do cheist na cáilíochta. I dtaca leis seo, beifear ag tabhairt tús áite sa chéad bhliain acadúil eile do chlár cáilíochta teagaisc a thabhairt isteach trasna na hollscoile ar fad a bheidh mar chuid de chlár cáilíochta iomlán na hollscoile.

UCD Horizons – rogha níos fearr

Is córas modúlaithe, creidmheas-bhunaithe, seimeastraithe nua é *UCD Horizons* agus cuirfear ar fáil den chéad uair é do mhic léinn na chéad bhliana 2005/2006. Bíonn 12 mhodúl i ngach bliain den chlár céime.

Mar mhodh chun an rogha is fearr a chur ar fáil, tá trí shaghas difriúla modúl ann:

- Modúil lárnaigh, nár mhiste do mhic léinn a dhéanamh mar chuid de chúrsa ar leith céime
- Modúil roghnacha: as a roghnaíonn mic léinn na hábhair ar mian leo a dhéanamh as liosta ábhartha – bíonn teorainn le rogha na mac léinn sa chás seo
- Modúil tofa a roghnaíonn mic léinn as ábhair uile an churaclaim ina iomláine.

De ghnáth, déantar staidéar ar 10 gcinn de na modúil lárnaigh nó roghnacha le 2 mhodúl breise ón liosta de mhodúil tofa.

Tugann ‘cuntas an mhodúil’ léargas do mhic léinn ar a bhfuil i gceist i dtaobh na modúil éagsúil. Sonraítear chomh maith leibhéal agus luach creidmheasa an mhodúil, na torthaí ar an bhfoghlaim, ábhar an churaclaim agus gníomhaíochtaí foghlama, modhanna measúnaithe, tuairim ar ualach na hoibre chomh maith le pé riachtanais a bhaineann le modúil (réamhriachtanais, comhriachtanais, modúil neamh-chomhoiriúnaithe, eisiámh agus moltaí).

Ní hamháin go gcuirtear rogha fhairsing ar fáil do mhic léinn, ach is furasta dul ó scéim amháin go dtí scéim eile, taobh istigh d’Éirinn, den Eoraip, nó go deimhin níos faide fós ó bhaile.

Cabhraíonn an Córas Eorpach um Aistriú Creidmheasanna (ECTS) le cumas na mac léinn chun staidéar a dhéanamh i dtíortha iasachta. Aithnítear anois an tréimhse a chaitheann mac léinn thar lear mar chuid de chlár UCD, agus gnóthaíonn na mic léinn idirnáisiúnta a thagann ar cuairt go UCD creidmheasanna ar leith a aithnítear ina n-institiúid staidéir féin. Os rud é gur aonad ann féin an seimeastar, is fusa do mhic léinn tréimhse a chaitheamh ag staidéar i dtír iasachta mar chuid dá gcúrsa staidéir. Is fearr chomh maith an méid ama a bhíonn ar fáil, faoi scéim UCD *Horizons*, chun go mbainfidís céim amach.

Dámhachtainí an Uachtaráin don Fheabhas Teagaisc

Is iad díograis agus cruthaitheacht bhail fhoirne UCD is bunús leis an gcáil atá uirthi mar institiúid ardchaighdeáin teagaisc.

Bronnadh Dámhachtainí an Uachtaráin don Fheabhas Teagaisc ar chúigear, in aitheantas don bhua teagaisc atá léirithe acu.

An Dr. Eleni Mangina

Tá rian an fhéinmhachnaimh go mór le sonrú i modhanna múinte an Dr. Mangina ag an tríú leibhéal. Eascraíonn an fhealsúnacht teagaisc atá aici as taithí phearsanta ar na riachtanais éagsúla a bhíonn ag mic léinn éagsúla, bíodh cultúr na hEorpa nó an ChianOirthir i gceist.

An Dr. Maria Meehan

Is suntasach a bhfuil déanta ag an Dr. Meehan ar mhaithe leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim taobh istigh de Roinn na Matamaitice agus san ollscoil trí chéile. Tá ard-mheas ag mic léinn agus ag a comhghleacaithe uirthi mar shármhúinteoir go háirithe de thoradh an leas a bhaineann sí as modhanna múinte éifeachtacha. Luann siad nithe mar mhodhanna nuálaíocha, fianaise-bhunaithe, imscrúdaitheacha mar bhuanna ar leith at aici.

An Dr. Frank MacLoughlin

Tá an Dr. MacLoughlin ag saothrú ar son Roinn na hInnealtóireachta Ceimicí le 25 bliana anuas. Cuireann sé fáilte roimh dhuine ar bith ag doras a oifige, rud a théann go mór i bhfeidhm ar fhoghlaim agus ar chumas ginearálta na mac léinn. Is saineolaí é ar cheist na foghlama sa mhéid agus a bhaineann lena ábhar saineolaíoch féin. Is eiseamláir an deachleachtais é do lucht teagaisc i gcoitinne mar is ríthábhachtach leis a inniúlacht ghinearálta féin mar mhúinteoir a fhorbairt ar bhonn leanúnach.

An tUas Mark Glyde

Is i nDámh na Tréidliachta a bhíonn An tUas Mark Glyde ag saothrú agus is léir óna chuid teagaisc go bhfuil sé tiomanta don nuálaíocht agus don nuatheicneolaíocht, agus go bhfuil sé lánábaltach feidhm éifeachtach a bhaint as áiseanna comhaimseartha. Léiríonn sé an-thuiscint ar mhic léinn rud a fhágann gur sármhúinteoir é. Díríonn sé go mion ar an bhfoghlaim agus is suntasach iad na dúshláin a chuireann sé rompu le sárú.

An Dr. Hilda Loughran

Éiríonn go héifeachtach leis an Dr. Loughran mic léinn a theagasc trí phróiseas foghlama a bhíonn machnamhach, bíodh is go mbíonn sé gníomhach. Léiríonn na cláir fhor-rochtana agus oideachais leanúnaigh a chuir sí sa tsiúl laistigh den Roinn um Pholasáí agus um Obair Shóisialta – i gcomhpháirt le Roinn an Aosoideachais - gur mhór atá déanta aici ar mhaithe le modhanna teagaisc UCD a fheabhsú. Is féidir a léamh ar an obair a dhéanann sí go bhfuil sí tiomanta do rochtain éifeachtach ar an bhfoghlaim ghníomhach agus d'fhíorchothromaíocht oideachais.

An tIonad Teagaisc agus Foghlama

Is é príomhaidhm an Ionaid Teagaisc agus Foghlama feabhas agus nuálaíocht teagaisc a chur chun cinn. I measc na bpríomhchuspóirí straitéiseacha don tréimhse 2003-2005 tá:

- Na cláir um fhorbairt ghairmiúil a chuireann an tIonad ar fáil a chnuasú faoi scéim cháilíochtaí gairmiúla
- Tacaíocht a chur ar fáil do bhaill fhoirne acadúla maidir le conas is féidir leas a bhaint as an nua-theicneolaíocht i ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc

- Cláir shainiúla um fhorbairt ghairmiúil a sholáthar a eascraíonn as deasghnátha cleachtais
- Breis taighde a dhéanamh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim, chomh maith le grúpaí eile, taobh istigh de UCD agus d'Éirinn, a spreagadh chun taighde mar é a dhéanamh
- Torthaí taighde a chur ar fáil do na dreamanna cuí
- É a bheith mar sprioc agus mar spreagadh ainm an Ionaid mar ionad cleachtais agus taighde ardchaighdeáin a bhaint amach agus a fhorbairt

Dul chun cinn go dtí seo

I Mí Eanáir na bliana 2004, sheol an tIonad an tArdDiplóma sa Teagasc agus san Fhoghlaim Ollscolaíochta. Tá ainm in airde ar an gcúrsa seo as an gcur chuige nua ina mbronntar creidmheasanna as gníomhaíochtaí a chuireann an té chun cinn ar bhonn gairmiúil. Tá socruithe déanta i dtreo is gur féidir gníomhaíochtaí in ollscoileanna eile ar fud na tíre a chur san áireamh mar chuid de chúrsa an dioplóma.

Ba i gcomhpháirt le Seirbhísí Ríomhaireachta, leis an Ionad Closamhairc agus leis an Leabharlann a cuireadh oiliúint i dtimpeallacht fhíorúil foghlama na hollscoile ar bhreis is 600 ball foirne. Ina theannta seo, chuir an tIonad ceardlanna ar fáil a rinne forbairt éifeachtach ar an bhfoghlaim ar líne agus a chabhraigh le bunú scéim na ranganna teagaisc ar líne ag Dámh an Leighis.

Ba i gcomhpháirt le Dámh na Talmhaíochta a dhear agus a bhunaigh an tIonad tionscnamh suntasach ina ndearnadh dearadh níos éifeachtaí ar an gcuraclam chun feabhas a chur ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim.

Tuairiscíodh torthaí an tionscnaimh seo ag comhdhálacha in Éirinn, sa Bheilg, sna Stáit Aontaithe agus sa tSeapáin. Chabhraigh an tIonad go mór le Dámha eile agus an curaclam á leasú acu. D'aimsigh an tIonad maoiniú leis chun Limistéar Gréasán Ábhar Náisiúnta sa Tréidliacht agus san Agri-Ghnó a bhunú.

Chláraigh triúr mac léinn dochtúireachta leis an Ionad. An teagasc agus an fhoghlaim ollscolaíochta a bheidh mar ábhar taighde acu. (Ba é an t-aon Ionad in Éirinn a rinne a leithéid.)

Tá fóram cruthaithe leis chun gur féidir le taighdeoirí torthaí agus smaointe a phlé lena chéile. Ba é an t-ábhar taighde a bhí ag baill fhoirne an Ionaid ná an mheastóireacht ar theagasc ollscoile, struchtúr curaclaim ag an tríú leibhéal agus leas na foghlama fadhb-bhunaithe.

I gcomhpháirt le hIonaid eile mar é ar fud na hÉireann, ghnóthaigh an tIonad maoiniú seachtrach chun an leabhar “*Emerging Issues in the Practice of University Learning and Teaching*” a choimisiúnú agus a eisiúint. D’fhoilsigh AISHE an leabhar sa bhliain 2005. Le linn an ama seo, tháinig méadú suntasach ar líon na bpáipéar comhdhála agus ar líon na n-alt irise a d’fhoilsigh baill fhoirne an Ionaid.

Cuspóirí amach anseo

Ba mhaith leis an Ionad cláir mháistreachta agus dhochtúireachta gairmiúla sa teagasc agus san fhoghlaim ollscolaíochta a bhunú, chomh maith le páirt nach beag a ghlacadh i scéim UCD *Horizons*. Beidh sé mar aidhm leis ag an Ionad spriocthionscnaimh an Údaráis um Ardoideachas a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt. Baineann na tionscnaimh seo le a) Meastóireacht Mac Léinn, b) Tacú le Foghlaim, c) Dea-chleachtas i Measúnú Mac Léinn, agus d) Baill fhoirne i láthair agus a gcomhghleacaithe ag teagasc.